



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Samhain 2022
(OR. en, pl)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0299(NLE)

15094/22
ADD 1

SOC 644
EMPL 445
ECOFIN 1193

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach - <i>Comhaontú polaitiúil</i> - <i>Ráiteas ó thoscaireacht na Polainne</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Polainne i ndáil leis an Moladh thuas.

RÁITEAS ÓN bPOLAINN

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN I ndÁIL LEIS NA DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE hIONCAM ÍOSTA LEORDHÓTHANACH LENA N-ÁIRITHÍTEAR CUIMSIÚ
GNÍOMHACH**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir laistigh de chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an cor cainte ‘cothromaíocht inscne mar chothromaíocht idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aon chora cainte eile ina bhfuil an téarma ‘inscne’, léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar ‘ghnéas’ i gcomhréir le hAirteagail 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.